

GEALLTANAS UM IARCHUR ÍOCAÍOCHTAÍ DLEACHTA AGUS CÁNACHA

Do: Na Coimisinéirí Ioncaim, An Rannóg Custam, Cuntais AEP,
Oifigí an Rialtais, An tAonach, Contae Thiobraid Árann, E45 T611.

Uimhir CBL /
EORI

I	E								
---	---	--	--	--	--	--	--	--	--

TAN, má tá ceann ag an
iarratasóir cheana féin

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Comhlánaigh in **BLOCLITREACHA**

I gcomaoin na Coimisinéirí Ioncaim (“na Coimisinéirí” as seo amach) ligean go n-iarchuirfí íocaíocht na dleachtanna agus na gcánacha sonraithe lastall

Geallaim / Geallann muid

Ainm an Iarratasóra
(“Ag trádáil mar”
más cuí)
agus seoladh

leis seo go n-íocfaidh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim, tráth nach déanaí ná an lá a bhfuil an dliteanas iarchurtha chuige, trí Scéim Dochair Dhíreach na mBainceanna, na suimeanna iarchurtha ar mo chuntas / ár gcuntas. Sa chás go ndeonaíonn na Coimisinéirí aon am nó cead eile i ndáil le híoc aon suime iarchurtha ar mo chuntas / ár gcuntas, geallaim / geallann muid leis seo go n-íocfar leis na Coimisinéirí, sa chás sin, an tsuim chéanna trí Scéim Dochair Dhíreach na mBainceanna de réir an ama sin nó an cheada eile sin.

Geallaim / geallann muid chomh maith gan iarchur íocaíochta a éileamh i ndáil le haon mhí féilire de shuim os cionn na suime sonraithe sa ghealltanais bainc atá curtha ar fáil leis seo, agus cloí le gach coinníoll is cuí leis na Coimisinéirí a ghearradh.

Geallaim / geallann muid gan an t-údarás a scor a thug mé / muid do na Coimisinéirí mo chuntas / ár gcuntas ag:

Ainm Iomlán an Bhainc Dochair

leis na suimeanna dlite, ach amháin fógra i scríbhinn seacht lá ar a laghad a bheith tugtha agus faighte ag na Coimisinéirí i leith scor den chineál sin, agus gan dochar d’aon dliteanas a thagann aníos roimh dháta éaga an fhógra.

Ní mór an gealltanais seo a bheith sínithe i gcás cuideachta theoranta nó neamhchorpraithe ag Stiúrthóir nó ag Rúnaí Cuideachta, nó i gcás comhpháirtíochta, ag páirtí, nó i gcás dílseánacht aonair, ag an dílseánach.)

Síniú

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Ainm Iomlán an
tSínitheora

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Stádas

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

LAETHANTA A BHFUIL ÍOC DLEACHTANNA AGUS CÁNACHA IARCHURTHA CHUIGE

CINEÁL AN DLEACHTA / NA CÁNACH	LÁ A BHFUIL AN DLITEANAS IARCHURTHA CHUIGE
Dleachtanna Custam AE agus tobhaigh iníoctha ag tráth na hiompórtála nó na heaspórtála, agus Cáin Bhreisluacha (CBL) iníoctha ag tráth na hiompórtála (seachas CBL ar earraí faoi réir na Cánach ar Tháirgí Alcóil).	An cúigiú lá déag den mhí tar éis na míosa ina bhfuil an dleacht / cáin iníoctha. Sa chás go dtiteann sé seo ar lá nach lá oibre é, an lá cuí ná an chéad lá oibre eile.
Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF).	An cúigiú lá déag den mhí tar éis na míosa ina bhfuil an cháin iníoctha. Sa chás go dtiteann sé seo ar lá nach lá oibre é, an lá cuí ná an lá oibre roimhe.
Cáin ar Tháirgí Alcóil agus CBL ar tháirgí faoi réir na Cánach ar Tháirgí Alcóil.	<ul style="list-style-type: none"> ceithre lá oibre roimh 25 Nollaig i ndáil le cáin iníoctha i mí na Samhna. An dara lá oibre deiridh den mhí ina dhiaidh i ndáil le cáin iníoctha le linn míonna seachas mí na Samhna.
Cáin ar Tháirgí Tobac (gan cáin san áireamh a íoctar le Stampaí Cánach).	<ul style="list-style-type: none"> Ceithre lá oibre roimh 25 Nollaig i ndáil le cáin iníoctha i mí na Samhna. Ceithre lá oibre roimh 25 Nollaig i ndáil le leath den dliteanas measta do mhí na Nollag. An dara lá oibre deiridh den mhí ina dhiaidh i ndáil le cáin iníoctha i ngach cúinse eile.

Chun teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Cuntasaíochta ríomhChustam, bain úsáid as an tseirbhís shlán **'M'Fhiosruithe'** atá ar fáil in **mochúrsaí** nó in ROS:

- sínigh isteach ar M'Fhiosruithe
- roghnaigh 'Cuir Fiosrú nua leis'
- sa bhosca 'Baineann m'Fhiosrú le', cuir isteach 'Custaim'
- agus sa bhosca 'Agus Níos Beichte', cuir isteach 'Cuntais AEP Custam agus Máil'.

Bailíonn na Coimisinéirí loncain cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí loncain ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí loncain ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachtas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh